Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 22

# An tSeirbhís Chúirteanna

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 22, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ar ceangal den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 do thuarastail agus speansais na Seirbhíse Cúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus roinnt mionseirbhísí áirithe eile nach ngearrtar ar an Lár-Chiste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €793,000 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an tSeirbhís á rialú ag Bord ina bhfuil cathaoirleach agus 17 gcomhalta eile. I gcomhréir leis an Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998, maireann téarma oifige an Bhoird trí bliana. Bunaíodh an Bord reatha an 9 Samhain 2017. Tá an Bord freagrach as beartais a chinneadh don tSeirbhís agus maoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Comhlíonann sé na freagrachtaí sin go díreach agus trí choistí an Bhoird.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1- 6 mar chuid den chuntas.

## An Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh i bhfeidhm agus an Cuntas seo á ullmhú seachas na nithe seo a leanas:

***Talamh agus foirgnimh a luacháil***

In 2016, glacadh leis an mbeartas ina luacháiltear foirgnimh gach cúig bliana ar bhunús chostas dímheasta an athsholáthair agus cuireadh tús le clár luachála foirgneamh ar an mbunús seo. Is é costas dímheasta an athsholáthair an costas reatha ar an tsócmhainn a athsholáthar lena coibhéis nua-aimseartha lúide asbhaint i dtaobh meath fisiciúil agus gach foirm ábhartha de dhífheidhmeacht agus barrfheabhsú. Luaitear foirgnimh atá á n-úsáid, ach nach ndearnadh a athluacháil go fóill, ar a gcostas stairiúil. Luacháiltear talamh agus foirgnimh nach bhfuil á n-úsáid ach a theastaíonn d'fhorbairt amach anseo ar luach margaidh.

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní caipitil ar bhonn líne dhíreach thar a saolré ionchais measta, ag tosú sa mhí ar cuireadh sa tseirbhís iad.

Dímheastar foirgnimh ar ráta 2% sa bhliain ar bhonn líne dhíreach.

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an tSeirbhís Chúirteanna córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an tSeirbhís Chúirteanna agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne, chun seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar, agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dhearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta ábhartha na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí nuair a bhíonn seirbhísí comhroinnte á soláthar don tSeirbhís Chúirteanna.

Is mar a leanas atá an staid i ndáil leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den tSeirbhís Chúirteanna
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Cinntíonn an tSeirbhís Chúirteanna go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Ar an iomlán, tuairiscíodh 15 shocrú soláthair faoi Chiorclán 40/02 in 2019 ar a raibh luach iomlán €2,839,103 (gan CBL a áireamh). Déantar an miondealú seo a leanas orthu seo:

- Meastar go bhfuil seacht gconradh ar a bhfuil luach €873,356 neamhiomaíoch agus neamhchomhlíontach mar gheall gur síneadh na conarthaí i ndiaidh dháta a gconartha bhunúil.
  - Cás amháin ar a raibh luach €97,829 ina bhfuil soláthar ar bun faoi láthair agus tá súil leis go gcríochnófar é in 2020.
  - Tháinig cás amháin ar a raibh luach €339,539 chun solais mar gheall ar mhoilleanna aistrithe nuair a bhíothas ag aistriú chuig soláthraithe nua.
  - Rachfar i ngleic le trí earra a luacháladh amhail €152,853 in 2020.
  - Táimid ag feitheamh le grúpa oibre ardleibhéil chun moltaí a thabhairt maidir leis an Acht Fíneálacha chun eolas a chur ar fáil don tsonraíocht don tairiscint i gcás an dá earra eile a luacháladh amhail €283,135.
- Meastar go bhfuil cás amháin ar a raibh luach €151,024 neamhiomaíoch ach comhlíontach. Ba cheannach aonuaire é seo a theastaigh go práinneach i ndiaidh teagmhas slándála sa Chúirt um an Dlí Teaghlaigh.
- Meastar go bhfuil seacht gceannach ar luach iomlán €1,814,723 neamhiomaíoch ach comhlíontach mar gheall gur ceannach dílsithe iad.

***An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***

Deimhním go bhfuil Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an tSeirbhís Chúirteanna. Fo-choiste is ea an Coiste de Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Is é ról an Choiste chun maoirseacht a dhéanamh ar, comhairle a chur ar agus tacaíocht a thabhairt don Bhord agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin/an tOifigeach Cuntasaíochta trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na ndearbhuithe ar réimse ceisteanna, iomláine na rialuithe inmheánacha airgeadais, na bainistíochta riosca agus na ráiteas airgeadais san áireamh. Oibríonn an Coiste faoi chairt scríofa agus tuairiscíonn sé gach bliain do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Déanann sé athbhreithniú, chomh maith, ar agus faomhann sé clár oibre bliantúil na hiniúchóireachta inmheánaí.

***Iniúchóireacht inmheánach***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa tSeirbhís Chúirteanna ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh Bord na Seirbhíse Cúirteanna. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais agus oibríochtúla a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil dá hobair, agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach. Déanaimse, agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí a fhiosrú.

Tugadh easnaimh sna nósanna imeachta maidir le taifeadadh chun solais in 2018 in dhá thuarascáil iniúchóireachta inmheánaí a úsáideadh chun tacú le héilimh maidir le freastal breise le haghaidh luach saothair áirithe breise. Táthar ag dul i ngleic leis na heasnaimh seo trí chóras nua a úsáid chun na huaireanta a d’oibrigh an fhoireann a chur i dtaifead agus a dheimhniú agus grúpa oibre a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna oibríochtúla cúirte.

***Rialachas***

Tá dea-rialachas an-tábhachtach i bhfeidhmiú éifeachtach na Seirbhíse. Ar aon dul leis an g*Caighdeán um Rialachas Corparáideach* de chuid na Státseirbhíse, nuashonraíodh an Creat reatha um Rialachas Corparáideach. Leagtar amach ann seo an bonn reachtúil ina bhfeidhmímid, lena n-áirítear na socruithe rialachais atá i bhfeidhm, feidhmeanna agus struchtúr eagrúcháin, cuntasacht agus socruithe um dhearbhú iniúchóireachta.

Foilsíodh an creat seo in 2016. Tá comhaontú maoirseachta i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna freisin leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Tháinig *an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016* i bhfeidhm i Meán Fómhair 2016. Tá creat rialachais daingean ag an tSeirbhís Chúirteanna agus comhlíonann sí príomhghnéithe an chóid seo, a leantar le hathbhreithniú a dhéanamh orthu, anuas ar an *gCaighdeán um Rialachas Corparáideach* de chuid na Státseirbhíse a chomhlíonann sí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an tSeirbhís córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí corparáideacha i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an tSeirbhís. Déantar meastóireacht agus grádú orthu seo de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí (FBS) agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ráithiúil ar an gclár rioscaí corparáideacha. Buanearra is ea Bainistíocht Riosca do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna agus déanann an Príomhoifigeach Riosca tuairisciú leis an mBord ar oibríochtaí na bainistíochta riosca. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe reatha, na gníomhartha a bheartaítear a theastaíonn chun rioscaí a shainaithnítear a mhaolú agus sanntar ann freagracht as oibriú rialuithe do chomhaltaí foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an FBS, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an tSeirbhís chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an tseirbhís ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den tSeirbhís atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2019 ar eascair, nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt astu.

Déanann an tSeirbhís athbhreithniú agus cur i bhfeidhm leanúnach ar mholtaí a eascraíonn as iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus as an iniúchóireacht inmheánach chun an timpeallacht rialaithe a threisiú, go háirithe i limistéir an Bhonneagair TFC, feidhmchláir thacaíochta an chórais ghnó agus soláthair. Próiseas leanúnach atá ann seo agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Ceisteanna tábhachtacha eile***

Tuigim go bhfuil tréimhse dhúshlánach buailte linn faoi láthair agus nach rabhamar thíos lena leithéid riamh roimhe seo i ndiaidh gur bhris paindéim Covid-19 amach, agus tuigim freisin an tionchar atá á imirt aige ar na cúirteanna a bhainistiú agus ar thacú leis na

breithiúna. Chun freagairt dó seo, tá bearta pleanála teagmhais curtha i bhfeidhm againn ar mhaithe le cúirteanna a oibriú, na breithiúna, seirbhísí tacaíochta, agus ár bhfoireann. Rinneadh teicneolaíocht agus nuálaíochtaí gnó a chur in oiriúint mar chuid de na bearta seo chun leanúint le seirbhísí bunriachtanacha túslíne a sholáthar do shaoránaigh agus úsáideoirí cúirteanna, agus rinneadh pleanáil freisin chun gnó a atosú.

**Angela Denning**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

An 14 Meán Fómhair 2020

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam leis An tSeirbhís Chúirteanna agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2019.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

20 Meán Fómhair 2020

# Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | 2019 | | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Suim a soláthraíodh sa mheastachán** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Na cúirteanna a bhainistiú agus tacú leis na breithiúna | | | | |
| | *Tosaigh* | 138,405 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,500 | | | |
| | | | 140,905 | 139,416 | 135,003 |
| **Ollchaiteachas** | | | **140,905** | **139,416** | **135,003** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | | **47,781** | **47,084** | **49,508** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Tosaigh* | 90,624 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,500 | | | |
| | | | **93,124** | **92,332** | **85,495** |

### Barrachas

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glanshuime a caitheadh atá faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, is féidir na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dar gcionn.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 792,780 | 4,111,785 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (2,500,000) |
| **Barrachas le tabhairt suas** | **792,780** | **1,611,785** |

**Angela Denning**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

An 30 Márta 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 42,642 | 40,840 |
| Pá | | 54,543 | 52,524 |
| Neamhphá | | 42,231 | 41,639 |
| **Ollchaiteachas** | | **139,416** | **135,003** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **47,084** | **49,508** |
| **Glanchaiteachas** | | **92,332** | **85,495** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannach (airgead tirim) | (7,192) | | |
| Dímheas | 7,912 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 1 | 721 | 2,980 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (837) | | |
| Laghdú ar stoc | 48 | (789) | 482 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **92,264** | **88,957** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 53,106 | 49,308 |
| Measchíosanna [a] | | 3,605 | 3,481 |
| **Glanchostas cláir** | | **148,975** | **141,746** |

Nóta [a] Measchíosanna d'fhoirgnimh atá faoi úinéireacht an OOP a bhí áitithe ag an tSeirbhís Chúirteanna.

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna measta a leanas i dtaca le Vóta 22 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 185 | 180 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 14,729 | 12,802 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,343 | 1,714 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 106 | 101 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 200 | 196 |
| Vóta 24 | Dlí agus Cirt agus Comhionannas – an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 296 | 292 |
| Lár-Chiste – Tuarastail agus Pinsin Bhreithiúnacha | | 36,247 | 34,023 |
| | | **53,106** | **49,308** |

## Nóta 2 An Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 207,247 | 213,046 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 63 | 4,530 |
| Stoic | 2.3 | 178 | 226 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,375 | 2,712 |
| Ioncam fabhraithe | | 2,200 | 1,846 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 3,429 | 1,406 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | 8,245 | 10,720 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 2,132 | 3,329 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 3,359 | 2,788 |
| Glanchistiú Státchiste | 2.6 | 133 | 3,148 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | 5,624 | 9,265 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 2,621 | 1,455 |
| **Glansócmhainní** | | **209,868** | **214,501** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas um chistiú stáit** | 2.7 | **209,868** | **214,501** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh [a, b] | Trealamh TF agus oifige | Troscán agus feistis | Sócmhainní Caipitil á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2019 | 269,520 [b] | 49,385 | 32,656 | 2,930 | 354,491 |
| Breisiúcháin | 261 | 1,036 | 101 | 5,417 | 6,815 |
| Tugtha in úsáid | 227 | 4,187 | — | (4,414) | — |
| Athluacháil | (233) | — | — | — | (233) |
| Coigeartú [c] | (6,146) | (31) | — | — | (6,177) |
| Diúscairtí | — | — | (60) | — | (60) |
| Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2019 | 263,629 | 54,577 | 32,697 | 3,933 | 354,836 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2019 | 66,681 | 42,941 | 31,823 | — | 141,445 |
| Dímheas don bhliain | 5,125 | 2,614 | 173 | — | 7,912 |
| Dímheas ar choigeartú | (1,679) | (30) | — | — | (1,709) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (59) | — | (59) |
| Dímheas carnach an 31 Nollaig 2019 | 70,127 | 45,525 | 31,937 | — | 147,589 |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2019** | **193,502** | **9,052** | **760** | **3,933** | **207,247** |
| Glansócmhainní an 31 Nollaig 2018 | 202,839 | 6,444 | 833 | 2,930 | 213,046 |

Nóta [a] Foráiltear in Alt 26 den Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998 go sealbhaíonn an tSeirbhís Chúirteanna an teideal dlíthiúil maidir le talamh agus foirgnimh áirithe.

[b] Is leis an tSeirbhís Chúirteanna faoi láthair 48 foirgneamh agus cúig shuíomh. Astu seo, rinneadh 40 foirgneamh agus ceithre shuíomh a athluacháil. Níor tugadh faoi aon luachálacha in 2019. Beartaímid luachálacha a chríochnú ar na hocht bhfoirgneamh eile (seacht dteach cúirte CPP agus teach cúirte Dhún Dealgan) agus suíomh amháin (an Clochán Liath) in 2020.

[c] Rinneadh coigeartú inar tháinig laghdú iomlán €4.468 milliún ar ghlanluach sócmhainní caipitil de réir na leabhar mar thoradh ar athbhreithniú a rinneadh ar an gclár sócmhainní seasta in 2019.

## 2.2 An Banc agus Airgead Tirim

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta (PMG) | (1,324) | 3,641 |
| Iarmhéideanna cuntas bainc eile a bhaineann leis an Vóta [a] | 1,387 | 889 |
| | **63** | **4,530** |

Nóta [a] Is ionann seo agus na hiarmhéideanna a bhíonn á gcoimeád ag an tSeirbhís Chúirteanna an 31 Nollaig gach bliain i gcuntais bhainc a bhaineann leis an Státchiste. Ní áirítear na hiarmhéideanna cuntais €8.717 milliún (€7.68 milliún in 2018), ar an iomlán, ina bhfuil fáltais nach mbaineann leis an Státchiste, go príomha, a bhaineann le lóisteálacha cothabhála faoin dlí teaghlaigh, lóisteálacha airgead bannaí agus fáltais bhosca déirce cúirte.

## 2.3 Stoic

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Páipéarachas | 131 | 170 |
| Tomhaltáin | 16 | 19 |
| Ilghnéitheach | 31 | 37 |
| | **178** | **226** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí leis an OOP | 2,820 | 1,148 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 168 | 20 |
| Earraí fionraí fiachais eile | 410 | 214 |
| Óinchistí | 31 | 24 |
| | **3,429** | **1,406** |

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 811 | 760 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 30 | 39 |
| Cáin bhreisluacha | 245 | 82 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasta | 419 | 378 |
| Táillí Cúirte a bailíodh thar ceann vótaí eile | (194) | — |
| Fíneálacha | 330 | 323 |
| Cistí atá le tabhairt suas don Státchiste [a] | 1,387 | 889 |
| | 3,028 | 2,471 |
| Asbhaintí párolla a choimeádtar i bhfionraí | 312 | 316 |
| Earraí eile fionraí creidmheasa | 19 | 1 |
| | **3,359** | **2,788** |

Nóta [a] Is ionann an t-iarmhéid seo agus na hiarmhéideanna a bhíonn á gcoimeád ag an tSeirbhís Chúirteanna an 31 Nollaig gach bliain i gcuntais bhainc a bhaineann leis an Státchiste.

## 2.6 Glanchistiú Státchiste

| an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le tabhairt suas | 792 | 1,612 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 2,500 |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (659) | (964) |
| **Glanchistiú Státchiste** | **133** | **3,148** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 63 | 4,530 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 3,429 | 1,406 |
| | 3,492 | 5,936 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (3,028) | (2,471) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (331) | (317) |
| | (3,359) | (2,788) |
| | **133** | **3,148** |

## 2.7 An Cuntas um Chistiú Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | | | 214,501 | 220,598 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | 93,124 | | |
| Barrachas le tabhairt suas | | (792) | | |
| Géilleadh iarchurtha | | — | | |
| Glanvóta | | | 92,332 | 85,495 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 53,106 | 49,308 |
| Earra neamhairgid – aistriú sócmhainní | 2.1 | | — | (2,470) |
| Earra neamhairgid – athluachálacha | 2.1 | | (233) | (165) |
| Earra neamhairgid – coigeartú | 2.1 | | (4,468) | — |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 3,605 | 3,481 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (148,975) | (141,746) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | | | **209,868** | **214,501** |

## 2.8 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| An 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | | |
| TFC | 1,699 | 2,091 |
| Léasanna [a] | 13,607 | 17,063 |
| Iasacht athchóirithe [b] | 9,016 | 10,809 |
| CPP | 717,010 | 748,780 |
| **Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí** | **741,332** | **778,743** |

Nóta [a] Cuimsítear sa cheangaltas do léasanna anois léasanna caipitil nár cuimsíodh roimhe seo. Nuashonraíodh ceangaltas léasa 2018 dá réir.

[b] Glacadh an iasacht chun athchóiriú an Tí Cúirte ar Shráid Washington, Corcaigh a chistiú. Nochtar príomhghné (caipitil) na hiasachta seo a bhí le híoc go fóill ag deireadh na bliana, arb ionann é agus €7.815 milliún (2018: €9.915 milliún) faoi cheangaltais ilbhliantúla chaipitil. Baineann iarmhéid an cheangaltais le hús.

**b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

| Tionscadal | Caiteachas carnach a fhad leis an 31 Nollaig 2018 | Caiteachas in 2019 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis sin | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail in 2019 | Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail in 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Iasacht athchóirithe do Theach Cúirte Shráid Washington | 15,805 | 1,380 | 7,815 | 25,000 | 25,000 |

**c) Costas caipitil na dtionscadal Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| | Caiteachas carnach a fhad leis an 31 Nollaig 2018 | Caiteachas in 2019 | Ceangaltais atá infheidhmithe le dlí le comhlíonadh i mblianta dá éis seo | Iomlán an Tionscadail 2019 | Iomlán an Tionscadail 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla | 210,453 | 22,136 | 361,291 | 593,880 | 596,736 |
| Beart CPP [a] | 33,224 | 15,630 | 355,719 | 404,573 | 395,721 |
| Iomlán | **243,677** | **37,766** | **717,010** | **998,453** | **992,457** |

Nóta [a] Rinne an conradh maidir le beart tionscadal CPP soláthar d'éilimh, ach go háirithe dóibh siúd maidir le lochtanna folaigh i bhfoirgnimh stairiúla. Baineadh comhaontú amach i mBealtaine 2019 leis an gconraitheoir chun €8.9 milliún (gan CBL a áireamh) a íoc ar bhonn céimnithe i gcaitheamh na tréimhse trí bliana ó 2019 go 2021. Cuimsíodh sa chaiteachas in 2019 (€15.63 milliún) €2.44 milliún a íocadh maidir leis na héilimh seo. Cuimsítear an t-iarmhéid €6.46 milliún i gceangaltais atá le híoc i mblianta dá éis seo.

## 2.9 Dliteanais aibithe

Bhí dliteanais aibithe €1,349 ann ag deireadh 2019. (Ní raibh aon dliteanais aibithe ann ag deireadh 2018).

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuimsítear caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos i gClár A chun costálacha cláir a chur i láthair.

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | 56,805 | 54,543 | 52,524 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | 3,013 | 3,388 | 3,355 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 6,291 | 8,261 | 7,498 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 2,003 | 3,030 | 2,876 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | | |
| | *Tosaigh* | 9,520 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,500 | | | |
| | | | 12,020 | 12,040 | 12,313 |
| vi | Costais áitreabh na hoifige | | 18,076 | 14,990 | 15,509 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | | 100 | 522 | 88 |
| | | | **98,308** | **96,774** | **94,163** |

### Athruithe suntasacha

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €6.291 milliún, toradh: €8.261 milliún*

Bhí an róchaitheamh €1.97 milliún ar oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Méadú ar sheirbhísí ateangaireachta agus costais ghaolmhara mhíleáiste.
- Méadú ar éilimh ar chúiteamh mar gheall gur íocadh dhá íocaíocht mhóra socraíochta cúitimh, anuas ar na costais ghaolmhara dlí, ar deacair iad a thuar mar gheall ar a gcineál.
- Tacaíocht shealadach chonartha.
- Méadú ar an ráta CBL a gearradh ar aire a thabhairt don ghiúiré agus béilí an ghiúiré i mBaile Átha Cliath.

Bhí an toradh deiridh €8.261 milliún 31% ní b’airde ná an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán tosaigh.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €2.003 milliún, toradh: €3.03 milliún*

Bhí an róchaitheamh €1.027 milliún ar phostas agus teileachumarsáid mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Méadú ar rátaí caighdeánacha poist agus ar chostais mhéadair i bhFeabhra 2019.
- An mhoill leanúnach a bhí ar aistriú líonra gutháin na Seirbhíse Cúirteanna ó líonra achair fhairsing (*WAN*) chuig néal-líonra an Rialtais, a raibh súil leis go gcruthódh sé coigilteas.

Bhí an toradh deiridh €3.03 milliún 51% ní b'airde ná an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán tosaigh.

**vii Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais**

*Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €100,000, toradh: €522,000.*

Bhí an róchaitheamh €422,000 ar sheirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus beartais mar gheall ar an méid seo a leanas:

- Roinnt sonrasc a íoc in 2019 a bhain le 2018.
- Conradh sainchomhairleoireachta a shíneadh maidir le Fís Straitéiseach Fhadtéarmach 2030.
- Na costais a bhain le hathbhreithniú a dhéanamh ar Chóras ar Líne na Seirbhíse Cúirteanna nach raibh súil leo.
- Bhí an toradh deiridh €522,000 milliún 422% ní b'airde ná an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán tosaigh.

## Clár A Na Cúirteanna a Bhainistiú agus Tacú leis na Breithiúna

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | 56,805 | 54,543 | 52,524 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Tosaigh* | 39,003 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,500 | | | |
| | | | 41,503 | 42,231 | 41,639 |
| A.3 | Tithe Cúirte (oibreacha caipitil) | | 4,880 | 4,876 | 5,041 |
| A.4 | Costais CPP | | 37,717 | 37,766 | 35,799 |
| | | | **140,905** | **139,416** | **135,003** |

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Táillí | 44,693 | 43,972 | 46,222 |
| 2 | Ilghnéitheach | 1,442 | 1,448 | 1,382 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | 1,646 | 1,664 | 1,904 |
| | **Iomlán** | **47,781** | **47,084** | **49,508** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Tháinig ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad seo ón 1 Eanáir 2019.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid an 1 Eanáir | — | — |
| Fíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre | 5,427 | 5,353 |
| Aisíocaíochtaí [a] | (84) | (346) |
| Fíneálacha eile [b] | 2,831 | 1,843 |
| Fáltais eile [c] | 170 | 135 |
| An t-iomlán a aistríodh chuig an Státchiste | (8,344) | (6,985) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

Nótaí

[a] Tháinig laghdú ar aisíocaíochtaí in 2019 i gcomparáid le 2018 mar gheall, go príomha, ar líon mór aisíocaíochtaí achomhairc maidir le Fógraí Muirir Sheasta an Gharda Síochána a rinneadh a bhain le toghairmeacha a eisíodh go contráilte in 2018.

[b] Mar gheall ar roinnt tosca ab ea an méadú ar fáltais ó Fhíneálacha Eile:

(i) méadú thart ar €620,000 ar Fhíneálacha Státchiste sa Chúirt Chuarda in 2019 i gcomparáid le 2018,

(i) méadú thart ar €200,000 ar bhanna a aistríodh chuig an Státchiste in 2019 i gcomparáid le 2018, agus

(iii) luaineacht sna fíneálacha a bailíodh agus in aisíocaíochtaí a eisíodh i ndiaidh achomharc.

[c] Coimeádann Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais cistí ón gCuntas Leachtaithe Cuideachtaí ar feadh seacht mbliana sula mbíonn siad le híoc leis an Roinn Airgeadais. Baineann fáltais 2019 le cistí a taisceadh in 2012. Is é iarmhéid na gcistí seo amhail an 31 Nollaig 2019 €2.968 milliún.

## 4.3 Fíneálacha agus táillí a bailíodh thar ceann Ranna eile

Rinneadh íocaíochtaí díreacha leis na ranna/gníomhaireachtaí rialtais seo a leanas maidir le fíneálacha agus táillí a bhailigh an tSeirbhís Chúirteanna thar a gceann in 2019.

| | 2019 €000 | 2018 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid an 1 Eanáir | — | — |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | | |
| — Fíneálacha na gCoimisinéirí Ioncaim [a] | 826 | 848 |
| — dleacht mháil [b] | 3,356 | 4,884 |
| An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil | 27 | 13 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara [c] | 268 | 30 |
| An t-iomlán a aistríodh | (4,477) | (5,775) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — |

Nóta
[a] Baineann airgead a bailíodh le fíneálacha cúirte a gearradh nuair is iad na Coimisinéirí Ioncaim an t-ionchúisitheoir.

[b] Baineann airgead a bailíodh le táillí ar iarratais áirithe ar cheadúnú ar nós uaireanta oscailte a shíneadh agus orduithe díolúine speisialta a fhaigheann an tSeirbhís Chúirteanna thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim. Is mar gheall ar laghdú ar an méid iarratas ar dhíolúine speisialta in 2019 a bhí an laghdú ar dhleacht mháil in 2019 i gcomparáid le 2018. .

[c] Ba mhó na fíneálacha a íocadh leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2019 ná mar a bhí in 2018 mar gheall ar roinnt fíneálacha ardluacha a fuarthas maidir leis an gCúirt Chuarda in 2019.

## Nóta 5 Soláthair Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | 1,080 | 1,049 |

### 5.2 Pá

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 49,527 | 47,822 |
| Liúntas ard-dualgais, dualgas speisialta nó dualgais bhreise | 161 | 155 |
| Liúntais eile | 920 | 951 |
| Ragobair | 332 | 295 |
| ÁSPC Fostóra | 3,603 | 3,301 |
| **Pá iomlán** | **54,543** | **52,524** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht uasta aonair | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 56 | 3 | 12,554 | 22,878 |
| Liúntais eile | 226 | 14 | 16,896 | 19,585 |
| Ragobair | 172 | 7 | 23,680 | 20,950 |
| Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 60 | 13 | 25,534 | 22,154 |

### 5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €38,809, ar an iomlán, in 2019 le triúr státseirbhíseach ar scor a raibh pinsin státseirbhíse á bhfáil acu a bhí fostaithe ar feadh tréimhsí gearra i rith 2019. Tá an tsuim seo comhdhéanta de luach saothair €16,567 agus costais taistil agus chothabhála €22,242. Cuireadh an riail maidir le lacáiste pinsin i bhfeidhm i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Forchúitíodh costais tuarastail €201,277 ó bhinsí agus ranna rialtais maidir le foireann ar iasacht don bhliain 2019.

### 5.5 Ró-íocaíochtaí tuarastail

| an 31 Nollaig | Líon faighteoirí | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 76 | 120,527 | 135,865 |
| Pleananna aisghabhála | 20 | 28,353 | 14,822 |

Aistríodh ceathrar daoine aonair a raibh pleananna aisghabhála i bhfeidhm acu ar luach €1,672 chuig Ranna eile sa bhliain.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Cúiteamh a bronnadh | Costais dlí a bronnadh agus a íocadh | Costais dlí a d'íoc an tSeirbhís Chúirt-eanna | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh ag muintir an phobail | 28 | 474 | 447 | 201 | 1,122 | 1,080 |

Nóta B'ionann íocaíochtaí iomlána maidir le costais dlí tríú páirtí agus costais chúitimh agus €921,687. Áirítear leo seo íocaíochtaí a bhain le himeachtaí ar dhéileáil an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát leo arbh ionann iad agus €313,641 chomh maith le himeachtaí ina raibh an tSeirbhís Chúirteanna ina páirtí, imeachtaí trí athbhreithniú breithiúnach san áireamh.

## Aguisín A Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an tSeirbhís Chúirteanna nach ndearnadh luacháil orthu

**Déanann an tSeirbhís Chúirteanna bainistíocht ar an méid seo a leanas faoi láthair:**

1 Cúirt Dúiche Chorcaí, Sráid Anglesea, Cathair Chorcaí (CPP)

2 Teach Cúirte Luimnigh, Sráid Mulgrave, Contae Luimnigh (CPP)

3 Teach Cúirte Dhroichead Átha, Lána Naomh Pádraig, Contae Lú (CPP)

4 Teach Cúirte an Mhuilinn gCearr, Sráid an Mhóta, an Muileann gCearr, Contae na hIarmhí (CPP)

5 Teach Cúirte Phort Láirge, Sráid San Caitríona, Cathair Phort Láirge (CPP)